


26 Soláthar béilí scoile teo

- 26.1** Maoinítear an clár béilí scoile as Vóta 37 Coimirce Shóisialach. Is ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) atá an fhreagracht as beartas a fhorbairt, as an gclár béilí scoile a mhaoiniú agus as maoirseacht a dhéanamh air. In 2025, b'ionann an caiteachas ar an gclár agus €230 milliún.
- 26.2** Cuireadh an clár béilí scoile ar bun ar dtús in 2003 chun bia cothaitheach rialta a chur ar fáil do scoláirí ar áitreabh na scoile, chun tacú leo lántairbhe a bhaint as an oideachas atá ar fáil dóibh. I dtús báire, tugadh tús áite faoin gclár do mhaoiniú clubanna bricfeasta agus lónta fuara i scoileanna a bhí páirteach sa chlár Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS).¹
- 26.3** In 2019, cuireadh tús le scéim phiolótach lenar maoiníodh an soláthar béilí scoile teo i 37 bunscoil. Ó 2021 i leith, leathnaíodh an incháilitheacht don chlár béilí scoile teo de réir a chéile. Amhail mí Mheán Fómhair 2025, tá gach bunscoil incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh béilí scoile teo. Mar thoradh air sin, tháinig méadú suntasach le blianta beaga anuas ar an maoiniú le haghaidh béilí scoile a íoctar trí Vóta 37 (féach Fíor 26.1).²

Fíor 26.1 Caiteachas ar an gclár béilí scoile, 2016–2025^a



¹ Tá sé mar aidhm leis an gclár DEIS míbhuntáiste oideachasúil a laghdú trí acmhainní breise a chur ar fáil do na scoileanna ina bhfuil an comhchruinniú is airde de scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil.

² Cuimsítear i gClár reatha an Rialtais freisin gealltanas go gcuirfeadh tús le béilí scoile teo a leathadh amach chuig gach meánscoil.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:

- a Tagraíonn an caiteachas don mhaoiniú iomlán a cuireadh ar fáil le haghaidh béilí scoile in aghaidh na bliana féilire, de réir chuntas leithreasa Vóta 37. Áirítear leis sin maoiniú do chlubanna bricfeasta, lónta fuara, sneaiceanna agus dinnéir, chomh maith le béilí scoile teo. Baineann an maoiniú a íoctar gach bliain le dhá bhliain acadúla. Mar shampla, baineann maoiniú 2025 le cuid den bhliain acadúil 2024/2025 agus le cuid den bhliain acadúil 2025/2026.
- b Bunaítear líon na scoláirí a dtugtar tacaíocht dóibh ar an maoiniú iomlán a leithdháileadh ar an scéim béilí scoile i dtús na bliana acadúla. Áirítear leis scoláirí ar tugadh tacaíocht dóibh i mbunscoileanna, i meánscoileanna áirithe, i ngrúpaí áitiúla agus in eagraíochtaí deonacha faoi na cláir béilí scoile uile.

26.4 Maoiníonn an Roinn an clár béilí scoile trí dhá scéim:

- cuireann an **scéim tionscadal áitiúil béilí scoile** maoiniú ar fáil do bhunscoileanna, do mheánscoileanna, do ghrúpaí áitiúla agus d'eagraíochtaí deonacha a riarann an clár.
- is iad údaráis áitiúla a fheidhmíonn an **scéim béilí scoile i gceantair uirbeacha** do bhunscoileanna agus déanann an Roinn í a pháirtmhaoiniú.³

26.5 Íocadh breis agus 99% den chaiteachas ar bhéilí scoile in 2025 tríd an scéim tionscadal áitiúil béilí scoile. Faoin scéim sin, is féidir le scoileanna agus eagraíochtaí incháilithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh bricfeastaí, sneaiceanna, lónta fuara, dinnéar agus béilí scoile teo.

26.6 Tá gach scoil a fhaigheann maoiniú faoin scéim béilí scoile freagrach as a soláthraí béilí féin a sholáthar.

26.7 Cuireann an Roinn Oideachais agus Óige tacaíocht ar fáil do scoileanna rannpháirteacha trí threoir a eisíonn an tAonad um Sholáthar do Scoileanna. Tá ionadaíocht ag an Roinn Oideachais agus Óige freisin ar ghrúpa idir-rannach a bunaíodh i mí na Nollag 2024 chun cabhrú le leathnú na scéime a bhainistiú.⁴

Fócas an scrúdaithe

26.8 Dírítear sa scrúdú seo ar an maoiniú a chuirtear ar fáil do bhunscoileanna chun béilí scoile teo a sholáthar.

26.9 Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis atá i bhfeidhm maidir le béilí scoile teo a sholáthar agus chun a mheas an mbaintear barainneacht amach — is é sin, an bhfuil na scoileanna ag fáil na cáilíochta agus na cainníochta cirte béilí ag an am is gá agus ar an bpraghas caighdeánach comhaontaithe.

26.10 Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú ar phríomhdhoiciméid agus ar shonraí a chuir an Roinn agus an Roinn Oideachais agus Óige ar fáil, agus chuir sí agallamh ar bhaill foirne ábhartha ón dá roinn.

26.11 Áiríodh an méid seo a leanas sa chur chuige scrúdúcháin

- athbhreithniú ar na próisis soláthair a cuireadh i gcrích i sampla bunscoileanna, lena n-áirítear scoileanna a bhí rannpháirteach sa scéim roimh 2025 agus scoileanna a tháinig isteach sa scéim le déanaí
- cuairteanna ar an láthair ar thrí scoil rannpháirteacha
- suirbhé inar bailíodh sonraí faoi na samhlacha soláthar seirbhíse atá i bhfeidhm chun béilí scoile teo a sholáthar i mbunscoileanna rannpháirteacha.


3 Níl an scéim béilí scoile i gceantair uirbeacha san áireamh i raon feidhme an scrúdaithe seo. Faoin scéim sin, tá údaráis áitiúla freagrach go ginearálta as soláthairtí bia a sholáthar do scoileanna. Tá bunús reachtúil leis an scéim faoi ailt 273 go 279 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1981.

4 Tá an grúpa idir-rannach faoi stiúir na Roinne Coimirce Sóisialaí agus tá ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Óige, ón Roinn Sláinte, ón Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann air.

Maoiniú na scéime

- 26.12** Ceanglaítear ar scoileanna iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ón Roinn don scéim béilí scoile gach bliain. Don scoilbhliain 2025/2026, eisíodh beagnach €255 milliún chuig na scoileanna agus na heagraíochtaí uile faoin scéim. Bhain €213 milliún (84%) de sin le suimeanna a eisíodh chuig bunscoileanna. Leagtar amach i bhFíor 26.2 an sceideal ginearálta don phróiseas iarratais ar mhaoiniú agus don phróiseas formheasta maoinithe do bhunscoileanna.

Fíor 26.2 Próiseas maoinithe an chlár béilí scoile



Foinse: An Roinn Coimisce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Luaitear an 31 Deireadh Fómhair mar an dáta deiridh ar an bhfoirm iarratais, ach próiseáiltear iarratais a chuirtear isteach tar éis an dáta sin freisin. Don scoilbhliain 2025/2026, rinne 877 gcinn de scoileanna agus d'eagraíochtaí iarratas tar éis an dáta sin.

b Ní mór comhaontú seirbhíse idir an scoil agus an Roinn a shíniú agus a chur ar ais chuig aonad béilí scoile na Roinne sular féidir maoiniú a fhormheas. Trí bliana a bhíonn i gceist leis an gcomhaontú seirbhíse de ghnáth.

5 Dúirt an Roinn go bhfuil na harduithe ar na rátaí bunaithe ar athruithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí ó socraíodh na rátaí den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2003, agus ó socraíodh na rátaí le haghaidh béilí scoile teo in 2019.

6 Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (an Roinn Caiteachais Phoiblí) cead chun an scéim a réamh-mhaoiniú, mar a cheanglaítear faoi [Chiorclán 13/2014](#).

- 26.13** Maoinítear béilí scoile teo ar ráta seasta €3.20 in aghaidh an bhéile. Is é an tAire Coimisce Sóisialaí a shocraíonn an ráta mar chuid den phróiseas buiséid bliantúil. Athraíodh an ráta go deireanach in 2023, nuair a méadaíodh 10% é ó €2.90 in aghaidh an bhéile.⁵

- 26.14** Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do scoileanna roimh ré, ina dhá thráthchuid de ghnáth, bunaithe ar an mbliain acadúil iomlán.⁶ Is féidir an chéad tráthchuid a íoc ón 1 Meán Fómhair agus cumhdaítear tréimhse 14 seachtaine léi. Íoctar an dara tráthchuid ón 8 Eanáir agus cumhdaítear tréimhse 22 seachtaine léi i gcás bunscoileanna.

- 26.15** Mar chuid den phróiseas iarratais, ceanglaítear ar scoileanna a n-uimhir rolla scoile, líon na leanaí atá cláraithe, sonraí an tsoláthraí agus dearbhú gur comhlíonadh oibleagáidí soláthair poiblí a chur ar fáil.

- 26.16** Faigheann an Roinn na figiúirí rollaithe ón Roinn Oideachais agus Óige gach bliain i mí an Mheithimh. Mar sin féin, fuarthas amach sa scrúdú, i gcás na n-iarratas ar mhaoiniú do bhéilí scoile teo don scoilbhliain 2025/2026, nach ndearna an Roinn na figiúirí rollaithe a luadh ar na foirmeacha iarratais a fhíorú in aghaidh na bhfigiúirí rollaithe a fuair sí ón Roinn Oideachais agus Óige. Chinn an Roinn an clár béilí scoile teo a mhaoiniú bunaithe ar na figiúirí rollaithe a luadh ar an bhfoirm iarratais.
- 26.17** Dúirt an Roinn nach mbíonn líon na scoláirí atá cláraithe i scoil seasta agus gur féidir leis athrú i rith na scoilbhliana. Dúirt an Roinn freisin go mbaineann na figiúirí rollaithe a dhearbhaítear ar an bhfoirm iarratais leis an líon scoláirí a bhí rollaithe i dtús na scoilbhliana nua agus gurb iad sin na figiúirí is cothroime le dáta. Thug an fhoireann scrúdúcháin dá haire, áfach, gur luadh ar an bhfoirm iarratais ar bhéilí scoile teo, suas go dtí an scoilbhliain 2025/2026 agus an scoilbhliain sin san áireamh, go mbeadh an maoiniú a chuirfí ar fáil do scoileanna teoranta d'fhiúirí rollaithe na bliana roimhe sin.⁷
- 26.18** Léirigh anailís a rinne an fhoireann scrúdúcháin gur tharla an méid seo a leanas maidir leis an scoilbhliain 2025/2026:
- rinne 1,218 bunscoil (48%) éileamh i leith níos lú daltaí ná mar a bhí sna figiúirí rollaithe don bhliain roimhe sin. D'fhéadfadh sé sin laghdú ar líon na ndaltaí i roinnt scoileanna agus/nó ráta glactha faoi bhun 100% i measc daltaí incháilithe a léiriú.
 - rinne 221 bunscoil (8%) éileamh ar bhéilí do líon na ndaltaí a taifeadadh ag deireadh na scoilbhliana roimhe sin.
 - Bhí figiúirí rollaithe luaite ag 1,116 bunscoil (44%) ar na foirmeacha iarratais ar bhéilí scoile a bhí níos airde ná na figiúirí rollaithe oifigiúla a bhí á gcoimeád ar chóras na Roinne. D'fhéadfadh sé sin méadú ar líon na ndaltaí a léiriú, ach d'fhéadfadh ró-éileamh a bheith i gceist freisin, agus d'fhéadfadh sé gur gá míniú foirmiúil a thabhairt ar an méadú ar na figiúirí mar chuid den phróiseas éilimh.
- 26.19** Mheas an fhoireann scrúdúcháin gurbh ionann na scoláirí breise a ndearnadh éileamh ina leith (7,257 san iomlán) agus beagnach €4.2 milliún de mhaoiniú a eisíodh chuig bunscoileanna le haghaidh béilí scoile teo don scoilbhliain 2025/2026.⁸
- 26.20** Dúirt an Roinn go bhfiosraíonn sí difríochtaí suntasacha idir na figiúirí rollaithe a dhearbhaítear agus na figiúirí a foilsíodh don bhliain acadúil roimhe sin.

An barrachas maoinithe

- 26.21** Tá sé beartaithe go mbeidh an maoiniú le haghaidh béilí scoile teo imfhálaithe. Sonraítear sa litir ina dtugtar fógra faoin leithdháileadh maoinithe an méid a mhaoinítear do gach cineál club bia (m.sh. club bricfeasta nó béilí scoile teo). Tá an méid a dhámhtar le haghaidh béilí scoile teo bunaithe ar an tuiscint go mbainfidh an líon daltaí a luaitear ar an bhfoirm iarratais leas as béile scoile te gach lá le linn na tréimhse lena mbaineann. D'fhéadfadh barrachas ar mhaoiniú béilí scoile teo teacht chun cinn mar gheall ar neamhláithreach neamhsceidealaithe, ar bhéilí a chur ar ceal agus ar rátaí glactha faoi bhun 100%. D'fhéadfadh barrachas teacht chun cinn freisin mar gheall ar mhoilleanna nó ar chur isteach ar an tseirbhís a chuireann soláthraithe béilí ar fáil.


⁷ Baineadh an coinníoll seo den fhoirm don scoilbhliain 2026/2027.

⁸ Tá an meastachán seo bunaithe ar 7,257 dalta de bhreis ar na figiúirí rollaithe, ar maoiníodh iad ar an ráta caighdeánach €3.20 in aghaidh an bheile, agus ar an tuiscint gur cuireadh maoiniú ar fáil don scoilbhliain iomlán (36 seachtain).

26.22 Ceanglaítear ar scoileanna tuairisceán bliantúil ioncaim agus caiteachais maidir leis an scéim béilí scoile (lena n-áirítear gach cineál club bia) a chur ar fáil ag deireadh na bliana acadúla. Ní mór ráitis bhainc agus sonraisc a bheith mar thaca leis an tuairisceán. Taifeadann an scoil barrachas nó easnamh iomlán na scéime agus réitíonn sí é le hiarmhéid cuntais bainc na scoile.⁹

26.23 Tá méadú seasta tagtha le blianta beaga anuas ar líon na scoileanna a thuairiscíonn barrachas ag deireadh na bliana agus ar luach comhiomlán an bharrachais a thuairiscítear, de réir mar a leathnaíodh incháilitheacht don chlár béilí scoile teo. Bhí cistí barrachais ar láimh ag beagnach 88% de na scoileanna rannpháirteacha ag deireadh na bliana acadúla 2024/2025. B'ionann an barrachas a bhí ar láimh i dtús na scoilbhliana 2025/2026 agus beagnach €34 milliún, nó 15% den mhaoiniú iomlán €220 milliún don scéim a eisíodh don scoilbhliain 2024/2025 (féach Fíor 26.3).

Fíor 26.3 An barrachas maoinithe i dtús na bliana acadúla^a



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Áirítear leis seo meánscoileanna agus eagraíochtaí eile freisin. Bhí an barrachas ab airde a bhí ag bunscoil aonair os cionn €135,000.

26.24 Ceanglaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí ar an Roinn maoirseacht leantach a dhéanamh ar iarmhéideanna deireadh bliana agus gach iarracht a dhéanamh iad a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Déanann an Roinn an barrachas a bhainistiú tríd an maoiniú don bhliain acadúil ina dhiaidh sin a laghdú faoi mhéid atá comhionann leis an mbarrachas ag deireadh na bliana. Asbhaintear an barrachas ón gcéad tráthchuid a íocfar sa chéad bhliain acadúil eile.

26.25 Fuair an fhoireann scrúdúcháin amach, áfach, nach ndearna an Roinn athbhreithniú ar an tsamhail maoinithe ná nach ndearna sí measúnú ar na sonraí ar a bhfuil na leithdháiltí maoinithe bunaithe lena bhféadfaí an barrachas a laghdú. Mar shampla, agus maoiniú á dhámhachtain don bhliain acadúil reatha, ní chuireann an Roinn sonraí ón mbliain roimhe sin san áireamh, amhail rátaí glactha, leibhéil freastail mar gheall ar neamhláithreacht bheartaithe nó neamhsceidealaithe, ná an bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar iarmhéideanna barrachais i scoileanna aonair.

⁹ Ceanglaítear ar scoileanna cuntas bainc ar leith a bheith acu le haghaidh béilí scoile nuair is mó ná €10,000 na hiocaíochtaí a fhaightear.

- 26.26** Cur chuige na Roinne maidir le réamh-mhaoiniú a thabhairt do scoileanna bunaithe ar shamhail ina nglactar leis go mbeidh ráta glactha 100% ann, méadaíonn sé an neamhchosaint ar rioscaí bainistíochta airgeadais a bhaineann le réamh-mhaoiniú. Cé go laghdaíonn an Roinn an maoiniú a leithdháiltear don chéad bhliain acadúil eile, leanann an barrachas de bheith ag teacht chun cinn agus bíonn sé ag méadú gach bliain. Thabharfadh sé sin le fios nach bhfuiltear ag tabhairt aghaidh ar na bunchúiseanna atá leis an mbarrachas ná nach bhfuil siad á mbainistiú go héifeachtach.
- 26.27** Dúirt an Roinn gur gá an riosca go ndéanfaí rómhaoiniú bunaithe ar shamhail ina nglactar leis go mbeidh ráta glactha 100% ann a chothromú leis an riosca go ndéanfaí tearcmhaoiniú (m.sh. maoiniú a chur ar fáil do níos lú daltaí ná an líon atá rollaithe). Dúirt an Roinn freisin nach mbeifí in ann anailís chruinn a dhéanamh ar iarmhéideanna barrachais go dtí tar éis na bliana acadúla 2026/2027, nuair a bheidh tuilleadh sonraí ar fáil.

Easnaimh mhaoinithe

- 26.28** Mar a luaitear ar an bhfoirm iarratais, baineann an maoiniú a eisítear go sonrach le gach club bia. Dá bhrí sin, níor cheart maoiniú a fhormheastar le haghaidh béilí scoile teo a chaitheamh ach amháin ar bhéilí scoile teo a chur ar fáil. Dúirt an Roinn nach maoiníonn sí aon easnaimh ná róchaiteachas a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Thug an fhoireann scrúdúcháin dá haire go dtuairiscíonn scoileanna na tuairisceáin bhliantúla ioncaim agus chaiteachais ar leibhéal an mhaoinithe iomláin. Dá bhrí sin, ní féidir an caiteachas a tabhaíodh i leith gach club bia — m.sh. béilí scoile teo nó club bricfeasta — a mhiondealú ná a réiteach leis an maoiniú a leithdháileadh go sonrach don chlub bia sin.
- 26.29** Don scoilbhliain 2024/2025, ní raibh aon chistí barrachais ar láimh ag 288 scoil (12%) ag deireadh na bliana acadúla.
- 26.30** Shainaithin an fhoireann scrúdúcháin dhá scoil sa sampla de 14 scoil a thaifead easnamh ar a dtuairisceán ioncaim agus caiteachais maidir le béilí scoile ag deireadh na bliana acadúla 2024/2025. Thaifead scoil amháin eile iarmhéid nialasach. Mar sin féin, ós rud é go gcomhlánaítear na tuairisceáin chaiteachais ar bhonn an mhaoinithe iomláin, níorbh fhéidir a dhearbhu ar úsáideadh cistí barrachais le haghaidh béilí scoile teo chun costais clubanna béilí scoile eile a íoc sna cásanna sin.
- 26.31** Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara freisin gur úsáideadh cuntas bainc na scéime in dhá scoil chun críocha eile seachas béilí scoile teo a chur ar fáil. I gcás amháin, aisíocadh an méid leis an gcuntas bainc an mhí dár gcionn. Sa dara cás, ní raibh an fhoireann scrúdúcháin in ann aon taifead a fháil gur aisíocadh aon suimeanna leis an gcuntas. Dúirt an Roinn gur cuireadh in iúl don scoil, sna cásanna sin, nár cheart an cuntas a úsáid ach amháin le haghaidh idirbhearta a bhaineann le béilí scoile.
- 26.32** In éagmais athbhreithniú iomlán mionsonraithe ar easnaimh shainaitheanta na scéime, méadaítear an riosca go ndéanfaí íocaíochtaí neamhrialta. Ba cheart don Roinn rialuithe iomchuí bainistíochta airgeadais a bheith i bhfeidhm aici chun imscrúdú a dhéanamh ar na cúinsí as a n-eascraíonn easnaimh sa scéim ar leibhéal gach club bia, lena chinntiú go mbraitear go tráthúil aon earráidí nó aon mhífheidhmiú nó mídhílsiú féideartha cistí agus go dtugann an scoil aghaidh orthu.

- 26.33** Dúirt an Roinn nach bhfuil cead ag scoileanna maoiniú barrachais ó chlub béilí amháin a úsáid chun club béilí eile a mhaoiniú, agus go ndéantar imscrúdú iomlán ar aon úsáid mhíchuí maoinithe a bhraitear.

Fiach scéime

- 26.34** Cruthaítear fiach nuair nach féidir barrachas a aisghabháil, mar shampla nuair a bhíonn scoil tar éis cumasc nó tar éis imeacht ón scéim. Tá fiacha dar luach iomlán €3.1 milliún carntha faoin scéim go dtí seo, agus bhí €440,000 de sin gan íoc amhail mí Aibreáin 2026. Go déanach sa bhliain 2025, cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí díscríobh 71% den iarmhéid gan íoc (€312,620); bhain an t-iarmhéid sin le dhá fhiach stairiúla a bhain le béilí scoile.¹⁰

Anailís ar mhaoiniú de réir soláthraí

- 26.35** Ós rud é go bhfuil gach scoil aonair freagrach as soláthraithe a aimsiú, a roghnú agus a íoc, níl aon taifead lárnach ann de na suimeanna a íocadh le soláthraithe atá ag feidhmiú faoin gclár béilí scoile.

- 26.36** Faigheann an Roinn sonraí na soláthraithe ón bhfaisnéis a chuireann na scoileanna ar fáil mar chuid den phróiseas iarratais.¹¹ Luaigh an Roinn gur sholáthair thart ar 300 soláthraí béilí scoile don bhliain acadúil 2025/2026. Mar sin féin, mheas an fhoireann scrúdúcháin go raibh €176 milliún (69%) de mhaoiniú na scéime a eisíodh don bhliain acadúil 2025/2026 nasctha leis na cúig sholáthraí is mó (féach Fíor 26.4).

- 26.37** Liostaíodh an dá sholáthraí is mó mar sholáthraí roghnaithe béilí scoile ar na foirmeacha iarratais ó níos mó ná 1,100 scoil. Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara go bhfuil gaol ag na soláthraithe sin lena chéile, agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin céanna agus stiúrthóirí coiteanna acu. Soláthraíonn Soláthraí A béilí do scoileanna i 19 gcontae, agus tá Soláthraí B ag freastal ar scoileanna i ngach contae (féach Fíor 26.5).

- 26.38** D'fhéadfadh sé gur léiriú ar dhúbláil iarrachta sa phróiseas ceannaigh é comhchruinniú ard scoileanna a bheith ag úsáid soláthraithe móra chun béilí scoile teo a sholáthar — bíonn go leor scoileanna aonair ag gabháil do phróisis soláthair agus ag fáil seirbhísí comhionanna ó líon beag soláthraithe móra.

¹⁰ Baineann na suimeanna seo le caillteanas a d'eascair as gníomhaíochtaí calaoiseacha in dhá scoil ar leith, a tharla sna tréimhsí 2006–2009 agus 2007–2012. Tá sé i gceist ag an Roinn na fiacha a dhíscríobh in 2026.

¹¹ Ní gá do scoileanna an Roinn a chur ar an eolas faoi aon athruithe ar sholáthraithe i rith na bliana acadúla. Dá bhrí sin, tá sonraí an tsoláthraí bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil tráth an iarratais.


Fíor 26.4 Soláthraithe a bhaineann leis an maoiniú iomlán do bhéilí scoile a eisíodh chuig scoileanna agus eagraíochtaí don bhliain acadúil 2025/2026^a

	Líon na scoileanna agus na n-eagraíochtaí a fuair maoiniú	Líon na ndaltaí a fuair tacaíocht	Iomlán an mhaoinithe a leithdháileadh do 2025/2026
Soláthraí A	656	119,950	€57.7 milliún (23%)
Soláthraí B	447	91,577	€46.1 milliún (18%)
Soláthraí C	390	82,072	€38.2 milliún (15%)
Soláthraí D	236	38,075	€19.9 milliún (8%)
Soláthraí E	85	33,566	€14.2 milliún (5%)

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is é an maoiniú iomlán a léirítear ná an maoiniú a d'eisigh an Roinn chuig gach scoil (lena n-áirítear meánscoileanna incháilithe) le haghaidh gach cláir béilí scoile. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an t-iomlán a eisíodh chuig scoileanna ar comhchéim leis an méid iarbhrí a íocadh leis an soláthraí sa bhliain.

Fíor 26.5 Líon na scoileanna a bhfreastalaíonn soláthraithe béilí scoile A agus B orthu



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 26.39** Méadaíonn comhchruinniú ard soláthraithe an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar an slabhra soláthair freisin. I mí Mheán Fómhair 2025, tar éis athruithe ar rialacha na scéime a chuir an Roinn i bhfeidhm, athruithe a chuir cosc ar fhoireann scoile béilí a théamh nó a dháileadh, tharraing an dá sholáthraí ba mhó siar ó na conarthaí aonair a bhí acu le 112 scoil bheag (ina raibh 63 dalta nó níos lú).¹² Lean an dá sholáthraí de sheirbhís a chur ar fáil do scoileanna eile. Thacaigh an Roinn leis na scoileanna a bhí buailte chun cabhrú leo soláthraithe eile a aimsiú.
- 26.40** Thug an fhoireann scrúdúcháin dá haire gur bhuail an grúpa idir-rannach go díreach le hionadaithe ó na naoi soláthraí is mó chun eolas úr a thabhairt maidir le hathruithe ar an scéim i mí Aibreáin 2025. Bhuail an Roinn leis na soláthraithe is mó i mí na Nollag 2025 freisin. Chuir an Roinn in iúl go gcuirtear na páirtithe leasmhara eile go léir ar an eolas faoi athruithe trí ráitis phreasa agus/nó trí nuashonruithe ar shuíomh gréasáin an chlár béilí scoile.

Treoir maidir le soláthar poiblí do scoileanna

- 26.41** Is éard atá i gceist le soláthar poiblí ná an próiseas trína gceannaíonn comhlachtaí seirbhíse poiblí earraí, oibreacha agus seirbhísí ó sholáthraithe. Rialaítear soláthar poiblí le rialacha an Aontais Eorpaigh agus le rialacháin náisiúnta atá ceaptha chun timpeallacht soláthair a bheidh oscailte, trédhearcach agus iomaíoch a chinntiú. Tá treoirlínte forbartha ag an Oifig um Sholáthar Rialtais chun dea-chleachtas agus comhsheasmhacht a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm rialacha soláthair poiblí.¹³
- 26.42** Is é príomhchuspóir an dea-sholáthair poiblí a chinntiú go bhfaighfear earraí agus seirbhísí den chaighdeán agus den chainníocht riachtanach ar an ráta is iomaíche. Cinntíonn sé sin go bhfaightear luach ar airgead i gcás cistí agus acmhainní poiblí atá gann, agus cothroime á cinntiú an tráth céanna do gach soláthraí a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh páirt a ghlacadh.
- 26.43** Go ginearálta, is féidir le soláthar poiblí a bheith i gceann amháin de dhá chruth — trí shocrú lárnach soláthair nó trí shamhail soláthair dhíláráithe. I samhail soláthair dhíláráithe, luíonn an fhreagracht as an bpróiseas soláthair a chur i gcrích ar gach aonad oibríochta aonair (m.sh. scoil, údarás áitiúil, ospidéal, srl.). Tá buntáistí agus rioscaí ag baint leis an soláthar láraithe agus leis an soláthar dílaráithe araon (féach Fíor 26.6).

¹² Tá iostréimhse fógra trí mhí san áireamh anois sa chonradh caighdeánaithe a thabharfar isteach ó mhí Mheán Fómhair 2025.

¹³ [Treoirlínte Soláthair Poiblí maidir le hEarraí agus Seirbhísí](#). Is sainaonad den Roinn Caiteachais Phoiblí í an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Fíor 26.6 Socruithe láraithe agus soláthar dhíláraithe — tairbhí agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist

	Soláthar láraithe	Soláthar dhíláraithe
Tairbhí	Caighdeánú	Solúbthacht mhéadaithe
	Barainneachtaí scála	Cinntí níos tráthúla
	Próiseas níos éifeachtúla	Tacaíocht níos fearr do sholáthraithe áitiúla
Rioscaí	Docht, dolúbtha	Dúbláil iarrachta
	Próiseas níos faide	Barainneachtaí scála a chailleadh
	B'fhéidir go rachadh sé chun tairbhe do na soláthraithe is mó	Riosca méadaithe neamhchomhlíonta

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

26.44 Is beartas rialtais é gur cheart do chomhlachtaí poiblí (lena n-áirítear scoileanna), nuair is féidir, leas a bhaint as socruithe lárnacha soláthair, amhail creataí. Tá roinnt socruithe lárnacha i bhfeidhm do scoileanna thar raon réimsí seirbhíse (m.sh. bainistíocht agus cothabháil saoráidí, agus troscán agus trealamh), mar atá leagtha amach ar shuíomh gréasáin an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna.¹⁴

26.45 Leagtar amach ar an suíomh gréasáin freisin na buntáistí féideartha a bhaineann le socruithe lárnacha, lena n-áirítear coigilteas airgid; coigilteas riaracháin ó laghdú ar dhúbláil tairisceana; saineolas ceannaigh níos fearr; comhsheasmhacht fheabhsaithe; leibhéil seirbhíse fheabhsaithe agus deimhneacht dhlíthiúil.

26.46 Níl aon socrú lárnach ceannaigh i bhfeidhm maidir le soláthar béilí scoile teo, áfach. Feidhmíonn an clár béilí scoile faoi shamhail soláthair dhíláraithe, trína bhfuil sé de fhreagracht ar gach scoil aonair a ghlacann páirt sa scéim soláthraí béilí scoile teo a aimsiú. Críochnaíonn gach scoil an próiseas go neamhspleách agus ina haonar.¹⁵

26.47 Dúirt an Roinn gur mheas an grúpa oibre idir-rannach gurbh é an tsamhail soláthair dhíláraithe an tsamhail ab oiriúnaí le leanúint ar aghaidh léi, chun a chinntiú go bhféadfaí an scéim a leathnú chuig gach bunscoil laistigh den tréimhse ama a bhí beartaithe.

26.48 Dúirt an Roinn Oideachais agus Óige an méid seo a leanas

- ní bheadh sé indéanta socruithe lárnacha soláthair a chur i bhfeidhm laistigh den tréimhse ama a bhí leagtha síos do leathnú an chlár béilí scoile teo
- le húsáid samhla soláthair dhíláraithe, éascaíodh solúbthacht níos mó (trí leasuithe ar theimpléid chaighdeánaithe soláthair) rud nach mbeadh indéanta trí shocrú lárnach soláthair

¹⁴ Faigheann an [Aonad um Sholáthar do Scoileanna](#) (atá ina chuid den [Chomhlacht Bainistíochta Comhpháirteach](#)) maoiniú ón Roinn Oideachais agus Óige, agus is an príomh-mhodh tacaíochta é chun treoir a sholáthar do gach bunscoil agus iar-bhunscoil (seachas scoileanna de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) maidir le saincheisteanna soláthair a bhaineann le hearraí agus seirbhísí

¹⁵ Faigheann scoileanna BOO tacaíocht ón oifig riaracháin áitiúil BOO ina gcuid gníomhaíochta soláthair.

- le tabhairt isteach socruithe lárnacha, ní laghdófaí go mór an t-ualach riaracháin ar scoileanna.

Comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair phoiblí don bhliain acadúil 2024/2025


- 26.49** Roimh an mbliain 2025, ba bheag tacaíocht nó treoir soláthair a cuireadh ar fáil do scoileanna chun bainistiú a dhéanamh ar cheannach béilí scoile. Mheas an Roinn Oideachais agus Óige nach ndeachaigh ach thart ar 8% de scoileanna i dteagmháil leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna sa bhliain 2024. Ní raibh béilí scoile teo faighte ag formhór na scoileanna a bhí rannpháirteach trí eTenders.¹⁶
- 26.50** Léirigh an anailís a rinne an fhoireann scrúdúcháin go bhfuair beagnach 2,100 scoil (84%) leibhéil mhaoinithe a sháraigh an tairseach íosta leibhéal nár mhór, de réir rialacháin náisiúnta um sholáthar poiblí, próiseas iomlán soláthair iomaíoch a chur i gcrích ina leith.¹⁷ Fuair cion suntasach de scoileanna (58%) breis agus €50,000 i maoiniú don bhliain acadúil 2024/2025 amháin, agus ba bheagán os cionn €645,000 an méid ba mhó a íocadh le scoil aonair sa tréimhse sin (féach Fíor 26.7).
- 26.51** D'iarr an fhoireann scrúdúcháin doiciméadacht soláthair agus conarthaí go díreach ar shampla de bhunscoileanna a fuair maoiniú don bhliain acadúil 2024/2025. Níl an fhaisnéis sin ar fáil ón Roinn.
- 26.52** Léirigh an scrúdú nach raibh mórán fianaise ann go raibh próisis soláthair iomaíocha curtha i gcrích i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta maidir le soláthar poiblí i gcás na scoileanna sin a thosaigh ag glacadh páirt sa scéim roimh mhí Aibreáin 2025. Níor chuir ach ceann amháin de na 14 scoil a ndearnadh athbhreithniú orthu — ar leithdháileadh suim €24,768 uirthi do 2024/2025 — fianaise ar fáil go raibh próiseas soláthair iomaíoch curtha i gcrích aici don tréimhse sin.¹⁸

¹⁶ Tá eTenders ina shaoráid lárnach trínar féidir le húdaráis chonarthacha uile na hearnála poiblí deiseanna soláthair agus fógraí dámhachtana a fhógairt agus trínar féidir le soláthraithe tairiscintí a chur isteach. Riarann an Oifig um Sholáthar Rialtais é.

¹⁷ Ní mór do scoileanna an próiseas soláthair riachtanach a leanúint, ag brath ar luach iomlán measta conartha trí bliana. Tá rialacha agus próisis éagsúla le leanúint ag brath ar luach an chonartha, agus éilítear próiseas iomaíoch iomlán i gcás conarthaí ar mó a luach ná €50,000.

¹⁸ Chuir ceithre scoil eile fianaise ar fáil gur chuir siad próiseas soláthair iomaíoch i gcrích don bhliain acadúil 2025/2026.

Fíor 26.7 Maoiniú a eisíodh do gach scoil do 2024/2025 de réir luacha



Foinse: An Roinn Coimisce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

26.53 Léirigh gach ceann de na 14 scoil a ndearnadh athbhreithniú orthu, ar an bhfoirm iarratais ar mhaoiniú, go raibh soláthraí aimsithe acu i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta maidir le soláthar poiblí.¹⁹ Níor iarr an Roinn fianaise air sin tráth an iarratais, áfach.

26.54 Sa bhliain 2025, bhí an Roinn Oideachais agus Óige (mar chuid den ghrúpa idir-rannach oibre) i gceannas ar threoir soláthair agus doiciméadacht chaighdeánaithe soláthair a fhorbairt do scoileanna a bhí rannpháirteach sa chlár; tháinig sé chun bheith éigeantach iad sin a úsáid i mí Mheán Fómhair 2025.

Bearta eatramhacha

26.55 Ag deireadh na bliana 2024, bhí beagnach 2,000 bunscoil incháilithe don scéim béilí scoile teo. Beidh gach bunscoil eile incháilithe do bhéilí scoile teo de réir a chéile i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair 2025. Ós rud é gur leathnaíodh incháilitheacht don scéim sula raibh an doiciméadacht athbhreithnithe soláthair ar fáil, d'eisigh an Roinn treoir do gach scoil maidir leis an gcaoi le dul ar aghaidh ar bhonn eatramhach (féach Fíor 26.8).

26.56 Thug an scrúdú faoi deara gurbh fhéidir gur spreag an treoir eatramhach roinnt scoileanna chun gníomhú ar bhealach nach raibh ag teacht le rialacha agus le ceanglais an Aontais Eorpaigh agus na tíre maidir le soláthar poiblí. Mar shampla, mhol an Roinn do scoileanna a thosaigh ag glacadh páirt sa chlár béilí scoile teo i mí Aibreáin 2025 trí luachan scríofa a fháil chun béilí scoile teo a sholáthar don chéad tréimhse den bhliain acadúil 2025/2026 (ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag).

26.57 Sheol an Roinn tuilleadh comhfhreagrais chuig scoileanna a rabhtas ag súil go sáróidís an tairseach €50,000, lena n-éilítear próiseas soláthair iomaíoch a sheoladh bunaithe ar líon na ndaltaí a bhí rollaithe iontu. Moladh do na scoileanna sin teagmháil a dhéanamh lena soláthraí agus conradh a idirbheartú gan próiseas foirmiúil soláthair. Dúirt an Roinn go raibh an treoir sin i gcomhréir le treoirlínte soláthair poiblí, ós rud é gurbh eachtra gan choinne a bhí sa mhoill ar an bhfáil ar an doiciméadacht nuashonraithe soláthair.

¹⁹ Cuireadh maoiniú de bhreis agus €50,000 ar fáil do shé scoil as na ceithre scoil déag a ndearnadh athbhreithniú orthu, le haghaidh na scoilbhliana 2024/2025

Fíor 26.8 Treoir shealadach maidir le soláthar do bhunscoileanna arna heisiúint i mí Iúil 2025

Cás	Treoir a d'eisigh an Roinn
Bunscoileanna rannpháirteacha Bunscoileanna a thosaigh sa chlár roimh mhí Mheán Fómhair 2025 2,043 scoil	Conradh i bhfeidhm - Lean ar aghaidh leis an gconradh reatha agus bain úsáid éigeantach as an doiciméadacht chaighdeánaithe soláthair nuair a rachaidh an conradh in éag. Conradh as feidhm - Rogha chun an conradh leis an soláthraí reatha a fhadú go mí na Nollag 2025. - Tús a chur láithreach le próiseas nua soláthair ag baint úsáid as an doiciméadacht agus na teimpléid chaighdeánaithe nua soláthair, agus conarthaí nua le teacht i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026. Scoileanna a bhí incháilithe i mí Aibreáin 2025 - Faigh trí luachan i scríbhinn don tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2025. - Tús a chur láithreach le próiseas nua soláthair ag baint úsáid as an doiciméadacht agus na teimpléid chaighdeánaithe nua soláthair, agus conarthaí nua le teacht i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026.
Bunscoileanna nua-incháilithe Bunscoileanna a thosaigh sa chlár ó mhí Mheán Fómhair 2025 512 scoil^a	Scoileanna a bhí incháilithe mí Meán Fómhair 2025 - Tús a chur le próiseas nua soláthair ag baint úsáid as doiciméadacht agus teimpléid nua an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna. - Is féidir iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh rogha lóin fhuair idir an dá linn.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear leis seo freisin scoileanna a bhí incháilithe roimhe seo ach nár tháinig isteach sa scéim go fóill.

26.58 Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara go sáródh go huathoibríoch aon scoil a bhfuil 224 dalta nó níos mó inti a bhfuil béilí scoile teo á bhfáil acu an tairseach €50,000 a éilíonn próiseas soláthair iomaíoch don tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag amháin, bunaithe ar ráta €3.20 in aghaidh an bhéile thar 70 lá sa tréimhse 14 seachtaine. Léirigh anailís eile a rinneadh go raibh 23 scoil sa chatagóir sin a fuair maoiniú arbh ionann é agus beagnach €4.9 milliún san iomlán do 2025/2026.

26.59 Léirigh an anailís freisin gur cuireadh maoiniú ar fáil do na scoileanna sin go ginearálta don bhliain acadúil iomlán 2025/2026 seachas don chéad tréimhse. Dúirt an Roinn go raibh sé sin chun a chinntiú nach mbeadh aon mhoill ar chistí chun soláthraithe a íoc. Mar sin féin, mhéadaigh sé sin tuilleadh an méid maoinithe roimh ré a d'eisigh an Roinn gan an ceanglas maidir le próiseas soláthair iomaíoch a chur i gcrích a bheith comhlíonta.

- 26.60** I gcás na scoileanna sin a raibh conarthaí acu cheana féin, ní raibh an Roinn in ann a chinneadh cá mhéad scoil a raibh conarthaí acu a bhí le dul in éag, ná cé chomh fada agus a mhairfeadh na conarthaí a bhí fágtha. Ní fhaigheann an Roinn sonraí faoi na conarthaí idir an scoil agus an soláthraí, ná ní thaifeadann sí iad. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an moladh a thug an Roinn do scoileanna a gcuid conarthaí reatha a fhadú go dtí deireadh mhí na Nollag 2025.

Treoir nuashonraithe do scoileanna


- 26.61** Cuireadh an treoir nuashonraithe maidir leis an bpróiseas soláthair phoiblí agus na teimpléid chaighdeánaithe ar fáil tríd an Aonad um Sholáthar do Scoileanna i mí Lúnasa 2025.²⁰
- 26.62** Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara feabhsú suntasach ar an gcomhlíonadh maidir le rialacha soláthair phoiblí ó tugadh isteach an treoir nuashonraithe agus na teimpléid chaighdeánaithe. As sampla de 16 scoil a chuir isteach ar an scéim den chéad uair in 2025, chuir 14 cinn acu fianaise dhoiciméadach ar fáil maidir leis an bpróiseas soláthair iomaíoch a bhí riachtanach agus a cuireadh i gcrích chun soláthraí béilí scoile teo a roghnú.
- 26.63** Thug an fhoireann scrúdúcháin dá haire freisin, áfach, gur tharla sé, i gcás dhá cheann de thrí chuairt ar an láithreán a rinneadh in 2026, go raibh an tairgeoir ar éirigh leis i bhfeidhm cheana féin, nó go raibh tús curtha aige le hullmhúcháin chun na béilí teo a sholáthar, sular cuireadh an próiseas soláthair i gcrích.
- 26.64** Baineann socruithe den sórt sin an bonn den chuspóir maidir le próiseas soláthair iomaíoch agus déanann siad mearchúram riaracháin den phróiseas. Cé go n-éilíonn an fhoirm iarratais ar mhaoiniú dearbhú gur cuireadh an próiseas soláthair i gcrích, níl aon rialuithe formhaoirseachta i bhfeidhm ag an Roinn faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus oiriúnacht an phróisis a cuireadh i gcrích.
- 26.65** Dúirt an Roinn agus an Roinn Oideachais agus Óige araon gurb ionann an fhreagracht as soláthraithe a sholáthar agus ceist do gach ceann de na scoileanna aonair mar eintitis dhlíthiúla ar leith. Bíonn conarthaí idir an scoil agus an soláthraí agus ní choinníonn ceachtar Roinn faisnéis faoin bpróiseas soláthair a dhéantar ná faoi na conarthaí atá i bhfeidhm.
- 26.66** Tá sé ráite ag an Roinn, áfach, go lorgófar fianaise ar an bpróiseas soláthair mar chuid de phróisis iarratais ar mhaoiniú amach anseo. Tá an fhoirm iarratais don scoilbhliain 2026/2027 tugtha cothrom le dáta ag an Roinn chun ceanglas a chur ar an scoil uimhir thagartha an phróisis soláthair phoiblí a rinneadh a lua.
- 26.67** Dúirt an Roinn Oideachais agus Óige, i mí Iúil 2026, go ndearna an tAonad um Sholáthar do Scoileanna obair leantach le beagán os cionn 800 scoil nár fhoilsigh fógra dámhachtana conartha go fóill (lena léirítear do sholáthraithe a d'fhéadfadh a bheith ann go raibh an próiseas soláthair phoiblí tugtha chun críche). Cuireadh naisc ar fáil do na scoileanna chuig na tacaíochtaí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna.

²⁰ Áirítear sa doiciméadacht chaighdeánaithe teimpléid don ghlaó ar thairiscintí, don chonradh leis an soláthraí, don doiciméad freagartha ar an tairiscint agus do scarbhileog meastóireachta tairiscintí. Cuireadh roinnt seimineár gréasáin ina raibh treoracha céim ar chéim ar fáil freisin.

Barainneacht i soláthar béilí scoile teo

- 26.68** Ós rud é go bhfuil an ráta in aghaidh an bhéile socraithe, ní mór barainneacht a bhaint amach trí bhainistiú a dhéanamh ar chainníocht agus ar cháilíocht cheart na mbéilí a cheannaítear ag an ráta comhaontaithe. Ní féidir tairiscintí don chlár béilí scoile teo a mheas ar an bpraghas aonaid is iomaíche: ina ionad sin, déanann scoileanna meastóireacht ar thairiscintí ar bhonn tosca eile.
- 26.69** Ó mhí Mheán Fómhair 2025 i leith, ní mór do scoileanna seiciosta meastóireachta caighdeánach a úsáid chun doiciméadú a dhéanamh ar roghnú soláthraithe tosaíochta ó na tairiscintí nó na luachana i scríbhinn a cuireadh isteach.²¹ Breithnítear roinnt critéir dhámhachtana cháilíochtúla mar chuid den mheastóireacht sin (féach Fíor 26.9).

Fíor 26.9 Critéir dhámhachtana cháilíochtúla^a



Foinse: An tAonad um Sholáthar do Scoileanna. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ceanglaítear ar thairgeoirí an marc íosráta pas 70% a bhaint amach faoi gach critéar.

- 26.70** Thug an fhoireann scrúdúcháin trí chuairt láithreáin ar scoileanna rannpháirteacha agus phléigh siad an próiseas soláthair le 12 phríomhoide scoile eile ar an teileafón. Áiríodh an méid seo a leanas le barúlacha fánacha maidir leis an bpróiseas soláthair a tugadh faoi deara san aiseolas ó phríomhoidí.

- Rinne scoil amháin ar tugadh cuairt uirthi an próiseas soláthair iomlán a sheachfhoinsiú chuig soláthraí seirbhíse tríú páirtí, ar chostas don scoil (€984).
- Dúirt roinnt príomhoidí scoile (lena n-áirítear do gach ceann de na trí chuairt ar an láithreán) go raibh comhlíonadh an phróisis soláthair phoiblí dian ar acmhainní agus go raibh sé am-íditheach. Ní chuirtear aon mhaoiniú ar fáil do na costais a bhaineann leis an scéim a riar.

21 Roimh mhí Mheán Fómhair 2025, ní raibh aon chritéir chaighdeánaithe á n-úsáid ag scoileanna chun soláthraí a roghnú.

- Thuairiscigh scoileanna tuaithe níos lú go bhféadfadh sé a bheith deacair soláthraí a fhoinsiú. Thug príomhoide amháin i scoil oileánbhunaithe le fios go mbeadh gá an costas breise a bhaineann le béilí scoile a sheachadadh ar an oileán (€2,000) a íoc ó mhaoiniú eile.

Cáilíocht an bhia

- 26.71** Foráiltear leis an gconradh caighdeánaithe maidir le béilí scoile teo go bhfuil an soláthraí freagrach as biachlár sláintiúil cuimsitheach agus cothrom ó thaobh cothaitheach de a chur ar fáil agus gur fearr go n-ullmhófaí earraí bia úr ó amh-chomhábhair. Foráiltear leis freisin nach mór an béile te a ullmhú i gcomhréir le dhá shraith de chaighdeáin chothaithe fhoilsithe.^{22,23} D'fhorbair an Roinn Sláinte, Biaslán agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na caighdeáin.
- 26.72** Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú ar na caighdeáin agus thug siad faoi deara go sonraítear leo cainníocht gach cineáil bia ba cheart a áireamh i ngach béile scoile te (féach Fíor 26.10). Níl aon treoir ar leith ann maidir leis an mbia a ullmhú, a sheachadadh, a atéamh nó a chur ar an mbord.²⁴
- 26.73** Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil sé de fhreagracht ar gach bord scoile ar leith aghaidh a thabhairt go díreach in éineacht leis an soláthraí ar shaincheistean ar bith a bhaineann le cáilíocht an bhia. Tá rialuithe na Roinne maidir le cáilíocht an bhia teoranta do bhiachlár an tsoláthraí a fháil mar chuid den iarratas ar phróiseas maoinithe agus amharc-chigireacht ar bhéilí a chur i gcrích mar chuid de chlár cigireachta bliantúil a dhéanann cigirí leasa shóisialaigh.
- 26.74** Ní choinníonn an Roinn staitisticí ar líon na mbiachlár a leasaítear nó a dhiúltaítear mar thoradh ar na seiceálacha atá i bhfeidhm. Mar chuid de chlár cigireachta bliantúil 2025 don scéim béilí scoile, áfach, thuairiscigh an Roinn go bhfuarthas amach go raibh 1.5% de na scoileanna a ndearnadh athbhreithniú orthu (8) neamhchomhlíontach faoi chatagóir na gcaighdeán cothaithe.
- 26.75** I mí Mheán Fómhair 2025, d'fhostaigh an Roinn diaitéiteach chun athbhreithniú cothaithe iomlán a dhéanamh ar an scéim béilí scoile teo.²⁵ Tá an chéad chuid den athbhreithniú a dhíríonn ar luach cothaithe na mbéilí a chuirtear ar fáil curtha i gcrích agus curtha faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaí lena breithniú. Áirítear i gcéim ar leith den athbhreithniú (ó Iúil 2027 go Meán Fómhair 2028) plean chun uirlisí a fhorbairt chun cabhrú le foireann na Roinne meastóireacht a dhéanamh ar na béilí a sholáthraítear ó thaobh cothaithe de.

22 Foilsíodh na [Caighdeáin Chothaithe do Bhéilí Scoile](#) in 2017 faoi choimirce Éire Shláintiúil, ar tionscnamh náisiúnta é arb é is aidhm dó sláinte agus folláine dhaonna na hÉireann a fheabhsú.

23 Foilsíodh na [Caighdeáin Chothaithe do Bhéilí Scoile Teo](#) in 2019.

24 Is ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann atá an fhreagracht as treoir a thabhairt maidir le bia a ullmhú, a atéamh agus a stóráil.

25 Tá sé beartaithe ag an diaitéiteach an dá chaighdeán cothaithe a thabhairt cothrom le dáta agus a chónascadh.

Fíor 26.10 Moltaí maidir le caighdeáin chothaithe le haghaidh béilí scoile teo

Cineál bia	Treoir
Glasraí, sailéad nó torthaí 	Dhá riar - riar amháin glasraí cócaráilte (80 g) - riar torthaí: úll, piorra, oráiste nó banana (thart ar 80 g — riar níos lú ar mhéid an linbh do leanaí níos óige)
Gránaigh agus aráin caiscín, prátaí, pasta agus rís 	Riar amháin riar amháin prátaí (dhá phráta mheánmhéide nó ceithre phráta bheaga; 100 – 120 g), pasta, ríse nó núdal agus iad uile cócaráilte (1 chupán nó thart ar 90 g)
Feoil, éineoil, iasc, ubh, pónairí agus cnónna 	Riar amháin riar amháin feola (50 – 75 g), éineola (50 – 75 g), éisc (100 g), uibheacha (2), pónairí/piseanna/lintilí (120 g) nó cáise (25 g) le haghaidh roghanna feoilseántóra

Foinse: Caighdeáin chothaithe do bhéilí scoile teo

Cainníocht bia

- 26.76** Faoin gconradh, comhaontaíonn an soláthraí béile te a sholáthar a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha don ráta sonraithe €3.20 in aghaidh an bhéile. Ní dhéantar foráil shainráite sa chonradh maidir le méid an sciar den bhéile ach déantar tagairt ann do na caighdeáin chothaithe.
- 26.77** Luaitear sna caighdeáin gur cheart méideanna an sciar a bheith aoisoiriúnach agus, mar threoir do bhunscoileanna, ba cheart leathsciar de sciar aosaigh ar a laghad a chur ar an mbord i dtús na bunscoile, agus bogadh i dtreo sciar iomlán de sciar aosaigh i dtreo rang a sé. Ina theannta sin, luaitear sa doiciméadacht tairisceana gur cheart cur síos ar bhéilí a bheith i mbiachláir, inar cheart sonraí a thabhairt faoi mhéideanna sciar atá oiriúnach do leanaí, de réir aoise.
- 26.78** Mar sin féin, sa sampla de scoileanna a ndearnadh athbhreithniú orthu, fuair an fhoireann scrúdúcháin amach go soláthraíonn soláthraithe méid sciar amháin do gach dalta de ghnáth. Dúirt an Roinn go n-athraíonn méid an sciar de réir an tsoláthraí, ach nach bhfuil aon staitisticí ná faisnéis bhreise aici maidir le méideanna sciar. Dúirt an Roinn freisin, cé go moltar treoir maidir le méideanna sciar sna caighdeáin chothaithe, nach coinníoll den scéim í.
- 26.79** Tugadh faoi deara sa scrúdú go bhfuil soláthraí mór amháin (ar a laghad) ann a sholáthraíonn an rogha sneaiceanna/bia sa bhreis a cheannach tríd an gcóras ordaithe bia (trí aip) ar chostas díreach don dalta. Déantar na hidirbhearta sin go díreach idir tuismitheoir/caomhnóir an dalta agus an soláthraí, mar sin ní fíor minicíocht agus costas na n-orduithe a chuirtear ar earraí bia sa bhreis.

Líon na mbéilí a sheachadtar

- 26.80** Is iondúil go ndéanann tuismitheoir/caomhnóir an dalta orduithe le haghaidh béilí scoile teo trí aip mhóibíleach nó suíomh gréasáin. Ceanglaítear leis an gconradh caighdeánach ar sholáthraithe cealuithe orduithe a cheadú suas le 48 uair an chloig roimh lá an tseachadta. Tá sé de dhualgas ar an tuismitheoir/caomhnóir béilí a chur ar ceal do gach neamhláithreacht aonair m.sh. laethanta saoire nó breoiteacht. Go ginearálta, bíonn an rogha ag an scoil béilí a chur ar ceal le haghaidh neamhláithreacht sceidealaithe, rud a théann i gcion ar an scoil ar fad nó ar ghrúpaí scoile ar leith m.sh. laethanta oiliúna múinteoirí.
- 26.81** I gcomhréir leis an gconradh, is iondúil nach bhfreastalaíonn na soláthraithe ar chealuithe déanacha (laistigh de 48 uair an chloig ón seachadadh) ná ar neamhláithreacht neamhphleanáilte. I gcásanna den sórt sin, bíonn na béilí a sheachadtar ina mbéilí iomarcacha a chuirtear ar bhille chuig an scoil.
- 26.82** In aon chuairt amháin ar an láithreán a cuireadh i gcrích, tugadh faoi deara go raibh seacht mbéile breise ann ó 17 mbéile san iomlán a seachadadh ar sheomra ranga amháin. Seachadadh cúig bhéile breise gan ordú a chur agus, sa dá chás eile, bhí na daltaí as láthair ón scoil an lá sin.
- 26.83** Éilíonn an comhaontú seirbhíse idir an Roinn agus an scoil ar scoileanna taifead laethúil a choinneáil ar gach scoláire a fhaigheann bia faoin scéim. Mar sin féin, níl aon cheanglas ar scoileanna monatóireacht ná tuairisciú a dhéanamh ar líon na mbéilí iomarcacha a chuirtear ar fáil le haghaidh neamhláithreacht neamhphleanáilte, ná ar líon na mbéilí iomarcacha a sheachadtar mar thoradh ar chealuithe déanacha. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Roinn meastachán a dhéanamh ar leibhéal an chaiteachais neamhéifeachtaigh a thabhaíonn scoileanna mar thoradh ar tháillí ar bhéilí iomarcacha.
- 26.84** Ceanglaítear leis an gconradh caighdeánaithe freisin go gcuirfí duillíní seachadta ar fáil do gach béile a sheachadtar. Is ar an scoil atá an dualgas réiteach a dhéanamh idir líon na mbéilí a sonrascadh agus líon na mbéilí a seachadadh sula ndéanfar fócaíochtaí leis an soláthraí.
- 26.85** Is amhlaidh a iarrann agus a athbhreithníonn an Roinn sampla de shonraisc sholáthraí ar feadh míosa mar chuid den phróiseas iarratais ar mhaoiniú. Seiceálann an Roinn coimeád taifead freisin mar chuid den chlár cigireachta bliantúil. Mar sin féin, ní féidir leis an Roinn leibhéal féideartha na mbéilí iomarcacha atá á maoiniú tríd an scéim a aithint ná aghaidh a thabhairt orthu leis na seiceálacha sin.
- 26.86** Dúirt an Roinn go mbeadh leibhéal farasbairr béilí ann i gcónaí toisc nach féidir a bheith ag súil i gcónaí leis na cúiseanna a bhíonn le cealú agus go bhfuil scoileanna, mar shealbhóirí conartha, freagrach as aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna maidir le farasbarr béilí lena soláthraithe.

26.87 Thug an fhoireann scrúdúcháin roinnt príomhbhreathnuithe faoi deara maidir le líon na mbéilí a cuireadh ar fáil le linn na dtrí chuairt ar an láithreán ar fhreastail an fhoireann orthu.

- **Duillíní seachadta** — Níor cuireadh aon duillín seachadta i láthair leis na béilí a seachadadh ar aon cheann de na trí chuairt ar an láithreán.
- **Béilí iomarcacha** — Níor bhreathnaigh an fhoireann scrúdúcháin aon mhonatóireacht ar líon na mbéilí iomarcacha mar gheall ar neamhláithreacht neamhphleanáilte nó cealuithe déanacha. Ghlac na scoileanna cineálacha éagsúla cur chuige i leith béilí iomarcacha amhail béilí a roinntear le daltaí eile, a itheann an fhoireann nó a chaitear amach.
- **Orduithe béile réamhshocráithe/diúltú a bheith páirteach** — I gcás cuairt amháin ar an láithreán, tugadh faoi deara gur cuireadh béile randamach ar fáil, i gcás nár ordaigh dalta béile. D'éiligh an córas ordaithe bia a bhí i bhfeidhm sa scoil sin ar an dalta diúltú a bheith páirteach ar feadh 15 lá as a chéile sula scoirfeadh an soláthraí de bhéile randamach a sholáthar.

Bainistíocht dramhaíola agus inbhuanaitheacht

26.88 Foráiltear leis an gconradh caighdeánach go bhfuil an soláthraí freagrach as an dramhaíl go léir ón gclár béilí scoile a láimhseáil agus nach mór cur amú bia a bhaint ar bhonn laethúil. Mar chuid den phróiseas tairisceana, ní mór plan um íoslaghdú dramhaíola bia agus um bainistíocht dramhaíola a bheith i bhfeidhm ag an soláthraí. Luaitear sa doiciméadacht freisin i roinnt áiteanna nach gceadaítear do scoláirí, in imthosca ar bith, bia nach n-itheann siad a thabhairt abhaile.

26.89 Dúirt an Roinn go bhfuil freagracht ar scoileanna, mar an t-údarás conarthach, a chinntiú go gcloíonn oibreoirí gnólachta bia le téarmaí an chonartha. Mar sin féin, i scoil amháin (as trí scoil) ar tugadh cuairt uirthi, dúirt an príomhoide go ndearna an scoil cinneadh, i gcomhar le tuismitheoirí, a cheadú do dhaltaí béilí nár itheadh a thabhairt abhaile.

26.90 Leis an doiciméadacht chaighdeánach soláthair, ceanglaítear ar thairgeoirí freisin mionsonraí a thabhairt maidir leis an gcaoi a gcuireann a mbeartas ceannaigh le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta agus áirítear inti tagairt do thosaíocht a thabhairt do sholáthraithe áitiúla chun mílte iompair a laghdú. Mar sin féin, is faoi gach scoil ar leith atá sé measúnú a dhéanamh ar na critéir cháilíochtúla sin.

26.91 Ní bhaineann formhaoirseacht na Roinne ar an gclár le monatóireacht a dhéanamh ar na critéir sin m.sh. bainistíocht dramhaíola, mílte iompair. Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara roinnt neamhréireachtaí agus easpa caighdeánaithe i mbainistíocht dramhaíola agus cleachtas inbhuanaitheachta sna trí scoil ar tugadh cuairt orthu.

- **Bainistíocht dramhaíola** — Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara go nglacann soláthraithe freagracht as bainistíocht dramhaíola. Mar sin féin, níl aon chleachtas caighdeánach ann. I scoil amháin ar tugadh cuairt uirthi, is féidir le scoláirí béilí nár itheadh a thabhairt abhaile.
- **Monatóireacht ar dhramhaíl** — Ní dhearnadh aon mhonatóireacht fhoirmiúil ar mhéid na dramhaíola nó na mbéilí nár itheadh in aon cheann de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu.

- **Inbhuanaitheacht comhshaoil agus shóisialta** — Le linn cuairteanna ar an láthair, níor bhreathnaigh an fhoireann scrúdúcháin ar úsáid soláthraithe atá áitiúil do na scoileanna.
- **Deiseanna le haghaidh sineirgí** — Bhí socrú déanta ag scoil amháin ar tugadh cuairt uirthi le scoil áitiúil eile chun béilí a ullmhú sa scoil sin agus a sheachadadh gach maidin. I scoil eile ar tugadh cuairt uirthi, tugadh faoi deara go raibh soláthraí difriúil ag freastal ar an dara scoil, a bhí suite gar di.

Oibleagáidí conarthacha eile

Ranníocaíochtaí i leith costas

- 26.92** Foráiltear sa chonradh caighdeánach agus sa treoir arna heisiúint ag an Roinn go gcomhaontófar comhaontú ranníocaíochta le haghaidh costais fónais idir na scoileanna agus an soláthraí i gcás ina n-ullmhaítear nó ina n-atéitear béilí ar an láthair nó trí áiseanna scoile a úsáid. Mar sin féin, ní áirítear sa treoir faisnéis maidir leis an gcaoi ar cheart an deighilt costas a chinneadh. Ní dhéanann an Roinn athbhreithniú ar ranníocaíochtaí fónais mar chuid den phróiseas iarratais ná mar chuid den phróiseas cigireachta bliantúil.
- 26.93** Fuair an fhoireann scrúdúcháin amach go mbíonn ranníocaíochtaí á gcaibidlíú idir scoileanna agus soláthraithe ar bhonn ad hoc. I gcás amháin a ndearnadh athbhreithniú air, chomhaontaigh scoil €1,000 a íoc i gcomhair an chostais a bhaineann le cistin a bhunú i scoil in aice láimhe chun na béilí a ullmhú. I gcás eile, chomhaontaigh soláthraí €25,000 in aghaidh na bliana a íoc leis an scoil as áiseanna cistine na scoile a úsáid. Sa dá chás, níor soláthraíodh aon chomhaontú ranníocaíochta ná aon ríomh tacaíochta chun a thaispeáint cén chaoi ar cinneadh na suimeanna sin.

Méadracht monatóireachta agus feidhmíochta seirbhíse

- 26.94** Tá roinnt téarmaí sa chonradh nua maidir le bainistíocht seirbhíse agus monatóireacht feidhmíochta. Luaitear sa chonradh gur cheart don soláthraí tuairisciú don scoil maidir le príomhtháscairí feidhmíochta.
- 26.95** Éilítear sa chonradh freisin go soláthródh an soláthraí tuarascálacha bainistíochta seirbhíse lena n-áireofar sonraí faoi scoláirí uile a bhaineann leas as bia ar bhonn míosúil, chomh maith leis na torthaí ar athbhreithnithe ar aiseolas ar cháilíocht, agus bearta a glacadh chun cur amú bia a chosc.
- 26.96** Ní bhfuair an fhoireann scrúdúcháin fianaise ar bith go ndearna scoileanna a leithéid de thuarascálacha a iarraidh nó gur cuireadh iad ar fáil do scoileanna ar tugadh cuairt orthu ar mhaithe leis an athbhreithniú sin. D'fhéadfadh faisnéis dá leithéid a bheith úsáideach don Roinn chun gur féidir léi treochtaí a shainaithint sna seirbhísí a sholáthraítear agus bonn eolais níos fearr a chur faoi chinnteoireacht amach anseo maidir le hoibriú na scéime. Ach níl aon phróiseas i bhfeidhm, áfach, ionas go bhféadfadh scoileanna nó an Roinn an fhaisnéis sin a bhailiú.
- 26.97** Dúirt an Roinn Oideachais agus Óige go raibh riachtanais tuairiscithe agus príomhtháscairí feidhmíochta cuimsithe sa chonradh chun gur féidir le scoileanna a soláthraithe a bhainistiú maidir lena n-oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh.

Samhlacha soláthair seirbhíse


- 26.98** Faoi gconradh caighdeánaithe tá ceithre rogha soláthair seirbhíse leagtha amach le haghaidh béilí teo a sholáthar do scoileanna²⁶
- ullmhaítear béilí roimh ré lasmuigh den láithreán agus soláthraítear iad agus iad te agus réidh le hithe
 - ullmhaítear béilí roimh ré lasmuigh den láithreán agus déantar iad a théamh i limistéar ullmhaithe bia agus/nó riartha bia atá ceaptha ag an scoil
 - ullmhaítear béilí roimh ré lasmuigh den láithreán agus déantar iad a théamh sa scoil trí fhaighneog sheachtrach nó aonad soghluaiste lónadóireachta a úsáid
 - ullmhaítear béilí go hiomlán ar an láithreán.
- 26.99** Thug an fhoireann scrúdúcháin cuairteanna ar láithreáin scoile agus bhreathnaigh sí eiseamláir de shamhlacha soláthair a bhí i bhfeidhm. Léirítear in larscríbhinn 26A na trí shamhail a breathnaíodh.
- 26.100** Tá ceisteanna éagsúla ag baint le gach samhail soláthair seirbhíse maidir le conas a dhéantar an bia a théamh, a phacáistiú agus a sholáthar do na daltaí. D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag cineál na samhla seirbhíse a úsáidtear freisin maidir le cur amú bia, conas a bhainistítear béilí iomarcacha agus conas is féidir mílte iompair a laghdú.
- 26.101** Trí thuiscint a ghnóthú ar chineál na samhla a úsáideann scoileanna, d'fhéadfaí monatóireacht na scéime ag an Roinn a fheabhsú agus d'fhéadfaí bonn eolais a chur faoi chinntí pleanála amach anseo faoin scéim. Ní chuireann an Roinn an fhaisnéis sin i dtoll a chéile, áfach, agus níl sonraí láraithe ar bith ar fáil maidir le líon na scoileanna a úsáideann gach samhail soláthair seirbhíse.

Samhlacha soláthair — torthaí suirbhé

- 26.102** D'fhorbair an fhoireann scrúdúcháin suirbhé chun sonraí a chur le chéile maidir le conas a seachadadh béilí scoile teo i scoileanna rannpháirteacha le linn na bliana acadúla 2025/2026. Eisíodh an suirbhé chuig níos mó ná 2,300 bunscoil a maoiníodh le haghaidh béilí scoile teo do thréimhse na scoilbhliana 2025/2026. Baineadh ráta freagartha 72% amach. Féach Fíor 26.11 le haghaidh torthaí an tsuirbhé.
- 26.103** Chuir céatadán an-bheag de scoileanna (2% de na freagraí) in iúl go n-ullmhaítear béilí ina n-iomláine ar an láithreán.
- 26.104** Chuir leath na scoileanna a thug freagra in iúl go mbaineann siad leas as béilí scoile teo a ullmhaítear roimh ré agus a théitear arís ar an láithreán.
- 26.105** Chuir 47% de na scoileanna in iúl go n-ullmhaítear béilí roimh ré lasmuigh den láithreán agus go seachadtar iad ar an scoil agus iad réidh le hithe. Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara, áfach, go n-áirítear sa chatagóir sin béilí a ullmhaítear go húrnua an mhaidin sin agus a sheachadtar agus iad réidh le hithe, mar aon le béilí a ullmhaítear roimh ré, a stóráiltear thar oíche agus a théitear arís lasmuigh den láithreán sula seachadtar ar na scoileanna iad.

26 Dheimhnigh an Roinn Oideachais agus Óige go bhfuil na roghanna sin cosúil ar an iomlán leis na samhlacha soláthair a bhí i bhfeidhm roimh Mheán Fómhair 2025.

Fíor 26.11 Torthaí suirbhé — samhail soláthair seirbhíse maidir le béilí scoile teo



Foinse: Freagraí suirbhé a fuarthas go díreach ó bhunscoileanna

Nóta: a San áireamh in 'Eile' tá scoileanna nach bhfuil béilí te á soláthar iontu faoi láthair (23 bunscoil). Áirítear leis sin freisin seachadadh ar bhád agus i dtacsáí do scoil amháin ar oileán agus dhá scoil ina ndéanann foireann na scoile/tuismitheoirí a dhéanann obair dheonach na béilí a bhailiú.

26.106 Go suntasach, dúirt 23 scoil (1%) nach raibh béilí teo ar bith á soláthar faoi láthair, cé gur foc an Roinn suim €924,876 mar mhaoiniú roimh ré leis na scoileanna sin don bhliain acadúil 2025/2026.

26.107 Trí fhaisnéis bhreise a fháil ar an dóigh a ndéantar na samhlacha soláthair sin a chatagóiriú agus ar an tionchar a bhíonn ag an gcineál samhla soláthair a úsáidtear ar cháilíocht agus ar chainníocht na mbéilí scoile teo, chuirfí sonraí níos fiúntaí ar fáil don Roinn maidir le conas atá an scéim ag oibriú i ngníomh.

26.108 Rinne an Roinn an fhoirm iarratais a nuashonrú don bhliain acadúil 2026/2027 d'fhonn an fhaisnéis sin a iarraidh ar scoileanna rannpháirteacha.


Monatóireacht ar chomhlíonadh

26.109 Déanann an Roinn athbhreithnithe ar bhonn tréimhsiúil ar oibriú na scéime ag scoileanna. Tugann cigirí leasa shóisialaigh laistigh den Roinn thart ar 400 cuairt ar an láithreán gach bliain ar scoileanna agus ar eagraíochtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na scéime. Cuireann foireann cigireachta agus rialaithe béilí scoile na Roinne measúnuithe deisce breise i gcrích freisin gach bliain.

26.110 Áiríodh le clár cigireachta 2025 400 scoil/eagraíocht a roghnaíodh go randamach le haghaidh cuairteanna cigireachta agus 155 measúnú deisce ar scoileanna a fuarthas go raibh siad neamhchomhlíontach roimhe sin nó nach ndearnadh athbhreithniú orthu le blianta beaga anuas. Ríomh an Roinn an ráta comhlíonta foriomlán ag 85% (clár cigireachta 2024: 76%). Ní áirítear leis sin fadhbanna comhlíonta a bhaineann le soláthar nár tuairiscíodh mar chuid de chlár cigireachta 2025 (féach Fíor 26.12).

26.111 Dúirt an Roinn go bhfuil seiceáil á déanamh ar úsáid na doiciméadachta éigeantaí soláthair mar chuid den chlár cigireachta reatha agus go dtuairisceofar é sin i dtuarascáil chigireachta 2026.

Fíor 26.12 Torthaí an chlár cigireachta béilí scoile, 2025



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Baineann 'Eile' le scoileanna nárbh fhéidir cigireacht a dhéanamh orthu ar chúiseanna éagsúla (24) agus scoileanna a raibh cigireacht ar siúl go fóill iontu (ceann amháin).
b Is ionann lacáiste agus luach saothair airgeadais nó eile ó sholáthraí do scoil (m.sh. aisíoc páirteach, nó trealamh TF a bhronntar). Ní cheadaítear lacáistí faoin scéim.

Neamhchomhlíonadh

26.112 Déanann an Roinn teagmháil le scoileanna a fhaightear go bhfuil siad neamhchomhlíontach, agus tugtar comhairle dóibh maidir leis an bhfadhb (fadhbanna) a bhaineann le neamhchomhlíonadh nach mór tabhairt fúithi (fúthu) agus tugtar 21 lá dóibh chun freagairt. Dúirt an Roinn go gcuirtear maoiniú ar fionraí go dtí go dtabharfaidh an scoil/eagraíocht aghaidh ar na heasnaimh, go dtí go gcomhlíonann sí na critéir chomhlíonta agus go dtí go léiríonn sí faisnéis ar an dóigh a gcuirfead na bearta ceartaitheacha riachtanacha i bhfeidhm.

26.113 Thug an fhoireann scrúdúcháin faoi deara go raibh maoiniú fós ar fionraí ag deireadh na bliana acadúla 2025/2026 maidir le scoil amháin mar gheall ar imscrúdú leanúnach ar chomhlíonadh.

Conclúidí agus moltaí

Bainistíocht airgeadais ar mhaoiniú na scéime

26.114 Méadaíodh an scéim béilí scoile teo go suntasach le blianta beaga anuas agus anois tá sí ar fáil do gach bunscoil. Mar thoradh ar leathnú na scéime le déanaí chonacthas méadú nach beag ar eisiúint maoinithe roimh ré ag an Roinn. Cé go bhfuil faisnéis ar fáil don Roinn lena neartófaí rialuithe bainistíochta airgeadais agus lena gcuideofaí lena laghad cistí barrachais is féidir a chnardh, ní bhaintear úsáid as sin faoi láthair. Mar shampla

- Ní dhéanann an Roinn deimhniú ar bith maidir le líonta ar rollaí a chuirtear isteach le héilimh faoi láthair. I 48% de chásanna, rinne scoileanna éileamh do líon níos lú daltaí ná mar a bheadh ceadaithe de réir an lín ar rolla na bliana roimhe sin, agus rinne 8% éileamh don líon a bhí ar an rolla roimhe sin. Maidir le 44% de na scoileanna a maoiníodh don bhliain acadúil 2025/2026, dámhadh maoiniú dóibh le haghaidh líonta a bhí níos mó ná an líon ar an rolla sa bhliain roimhe sin. Ghlac an Roinn leis na líonta a tuairiscíodh ar an bhfoirm iarratais ar bhonn meon macánta.
- Maoiníonn an Roinn béilí scoile teo bunaithe ar an toimhde go mbainfidh 100% de na daltaí atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais leas as béile scoile te ar gach lá sa tréimhse atá clúdaithe. Cé go n-éilíonn an Roinn ar scoileanna taifead a choinneáil ar líon na mbéilí a sholáthraítear, níor baineadh úsáid as an bhfaisnéis sin chun cruinneas na toimhdean go mbeidh glacadh 100% ann a mheasúnú.
- Cé go bhfuil sé beartaithe go mbainfidh an maoiniú arna eisiúint go sonrach le gach cineál club bia, déantar tuairisceáin ioncaim agus chaiteachais a chomhlánú ar leibhéal mhaoiniú na scéime iomláine. Fágann sé sin gur deacair cúinsí is cúis le heasnamh scéime a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

26.115 Déantar barrachas a fhritháireamh i gcoinne mhéid an mhaoinithe a chuirfear ar fáil sa scoilbhliain dár gcionn, ach bíonn méid na gcistí barrachais a bhíonn ar láimh ag deireadh gach bliana ag méadú i gcónaí. Rinneadh beagnach €34 milliún de mhaoiniú barrachais a thabhairt anonn chuig an scoilbhliain 2025/2026.

Moladh 26.1

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe bainistíochta airgeadais dá cuid chun a chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtach as an bhfaisnéis uile atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis faoi líonta ar rollaí ón Roinn Oideachais agus Óige, chun cistí poiblí a chosaint agus leibhéal an mhaoinithe barrachais a laghdú.

Go háirithe, ba cheart don Roinn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- seiceáil ar líonta ar rollaí a thabhairt isteach go foirmeálta ionas gur féidir míniú a fháil ag céim an iarratais maidir le neamhréireanna móra ar bith idir líon na ndaltaí ar an rolla agus líon na ndaltaí atá san fhoirm iarratais agus go ndeimhníonn an Roinn iad sin mar chuid den phróiseas cigireachta bliantúil
- athbhreithniú a dhéanamh ar na toimhdí is bonn leis an tsamhail glactha 100% maidir le béilí scoile teo agus anailís a dhéanamh lena fháil amach an féidir samhail maoinithe níos oiriúnaí a chur i bhfeidhm
- deimhin a dhéanamh de go bhfuil faisnéis leordhóthanach ar fáil sna tuairisceáin ioncaim agus chaiteachais chun gur féidir leis an Roinn imscrúdú iomlán a dhéanamh ar easnaimh a thagann chun cinn ag leibhéal an chlub bia.

Freagairt an Oifigigh Cuntasaíochta

Comhaontaithe.

Leasaíodh an próiseas don bhliain acadúil 2026/2027. I gcásanna neamhréireanna móra, déanfar seiceáil ar phríomhbhunachar sonraí ar líne na scoile, ina léirítear faisnéis bheo faoi líonta ar an rolla. Coimeádfar taifead ar an tseiceáil sin lena úsáid amach anseo.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme: R4 2026

Déanfar anailís ar rátaí maoinithe barrachais chun bonn eolais a chur faoin tsamhail maoinithe agus faoi athruithe ar bith a theastaíonn.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme: R1 2027

Iarrfar ar scoileanna miondealú a thabhairt ar chaiteachas de réir cineál club sa tuairisceán ioncaim agus caiteachais don bhliain acadúil 2026/2027 agus do bhlianta ina dhiaidh sin. Leis sin, beifear ábalta anailís a dhéanamh ar chaiteachas ar gach cineál club agus imscrúdú a dhéanamh ar mhírialtachtaí ar bith.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme:

Cuirfear in iúl do scoileanna láithreach bonn maidir le tús a chur le taifeadadh na faisnéise sin. Iarrfar miondealú ar chaiteachas de réir cineál club ar na scoileanna uile in R2 2027 mar chuid den iarratas ar mhaoiniú don bhliain acadúil 2027/2028.

Samhail soláthair dhíláráithe

26.116 Oibrítear an scéim faoi shamhail soláthair dhíláráithe. Tá gach scoil freagrach as a soláthraí féin a fháil maidir le béilí scoile teo ar bhonn aonair. Níl aon liosta de sholáthraithe ceadaithe roimh ré ar fáil. Cé go mbaineann tairbhí le samhail soláthair dhíláráithe, baineann rioscaí ar leith le luach ar airgead a bhaint amach.

26.117 Is léir é sin ón líon beag de sholáthraithe móra a tháinig chun cinn agus atá ag fáil céatadán mór, i ndáiríre, den mhéid iomlán ón Státchiste a chuirtear ar fáil mar mhaoiniú do bhéilí scoile. Déantar an fhreagracht as bainistíocht conarthaí a chineadh chuig leibhéal na scoile áitiúla, rud a chuireann srian ar chumas na Roinne déileáil le fadhbanna ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar chomhchruinniú iomarcach soláthraithe.

26.118 Chomh maith leis sin, mar thoradh ar leathnú mear na scéime tá scoileanna aonair ag bainistiú próisis soláthair chasta agus conarthaí de luach nach beag. Mar thoradh air sin cuireadh ualach mór riaracháin ar scoileanna agus d'fhéadfadh sé nach bhfuil an saineolas riachtanach acu maidir le soláthar chun déileáil lena leithéid de chonarthaí.

26.119 Rinneadh roinnt feabhsúchán le déanaí ar an bpróiseas soláthair, lenar áiríodh tabhairt isteach doiciméadachta caighdeánaithe soláthair lenar cuireadh feabhas ar chomhlíonadh ceanglas soláthair phoiblí. Tá sé tábhachtach, áfach, go mbainfear úsáid as soláthar mar uirlis straitéiseach chun barainneacht a chur chun cinn maidir le soláthar béilí scoile teo agus nach mbeidh sé ina chleachtadh riaracháin amháin. Sa chomhthéacs sin, léireofaí barainneacht i gcáilíocht níos airde bia, i níos lú cur amú agus i níos lú béilí iomarcacha/nach n-itear a n-íoctar astu.

Cáilíocht agus cainníocht na mbéilí agus monatóireacht a dhéanann an Roinn

26.120 Ós rud é go bhfuil an ráta in aghaidh an bhéile scoile the socraithe ag praghas seasta €3.20, roghnaítear soláthraithe bunaithe ar chúrsaí cáilíochtúla a ndéanann gach scoil measúnú orthu. Tá sé de fhreagracht ar gach scoil critéir a mheasúnú amhail pleannanna bia, an córas ordaithe atá i bhfeidhm, bainistíocht dramhaíola agus inbhuanaitheacht.

26.121 Déantar an fhreagracht as bainistíocht cáilíochta a chineadh chuig an scoil aonair agus chuig an soláthraí. Baintear tuilleadh freagrachta ón Roinn as bainistíocht ar chainníocht na mbéilí agus, i dtús báire, is ar thuismitheoir/caomhnóir an dalta an fhreagracht sin.

26.122 Faoi láthair, tá maoirseacht theoranta ag an Roinn ar chainníocht na mbéilí a mhaoiniú ón scéim. Cé go mbailíonn an Roinn faisnéis ar líon na mbéilí as a n-íocann na scoileanna, níl aon fhaisnéis ar fáil ar líon na mbéilí iomarcacha a sheachadann an soláthraí ar scoileanna ná ar mhéid an bhia nach n-itear. Dá bhrí sin, ní féidir an leibhéal féideartha caiteachais neamhéifeachtaigh ar an scéim a ríomh.

26.123 Ní éilítear ar scoileanna ach oiread faisnéis a bhailiú nó tuairisciú don Roinn maidir le fadhbanna cáilíochta agus/nó cainníochta ar bith a thagann chun cinn agus ní dhéanann an Roinn aon mhaoirseacht lárnach ná anailís fhoirmiúil ar a leithéid d'fhadhbanna.

26.124 Mar gheall ar chineál cineachta na scéime agus ar an easpa sonraí a bhailítear go lárnach ó scoileanna maidir leis an dóigh a bhfuil an scéim ag oibriú, ní féidir a chinneadh go héifeachtach an bhfuil barainneacht á baint amach ag scoileanna maidir le soláthar béilí scoile teo.

26.125 Rinneadh an doiciméadacht soláthair a nuashonrú chun roinnt téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha a chur san áireamh, lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola, mílte iompair, monatóireacht ar sheirbhís agus ar fheidhmíocht. Tá roinnt príomhtháscairí feidhmíochta cuimsithe sa chonradh nua agus d'fhéadfaí iad a úsáid chun bonn eolais níos fearr a chur faoi phleanáil amach anseo na scéime. Níl an fhaisnéis sin á fáil ag scoileanna faoi láthair, áfach, agus níl sí á cur i dtoll a chéile ná á hanailísiú ag an Roinn.

Moladh 26.2

Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil próisis oiriúnacha i bhfeidhm chun aiseolas a bhailiú ó na scoileanna rannpháirteacha maidir le conas atá an clár béilí scoile teo ag oibriú i ngníomh m.sh. an tsamhail soláthair a úsáidtear i scoileanna agus faisnéis ábhartha ó na tuarascálacha seirbhíse a chuireann na soláthraithe ar fáil.

Ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is fearr atá ar fáil á húsáid aici chun bonn eolais a chur faoina rialachas agus faoina maoirseacht ar an scéim, agus chun cuidiú le cinntí pleanála amach anseo.

Freagairt an Oifigigh Cuntasaíochta

Comhaontaithe.

Chuir an Roinn bearta i bhfeidhm chun aiseolas a iarraidh maidir le conas atá an scéim ag oibriú.

Mar chuid den athbhreithniú ar chothú i mbéilí scoile arna chur i gcrích ag diaitéiteach le déanaí (a cheap an Roinn in 2025), tugadh cuairt ar 54 scoil, agus rinneadh scrúdú ar na samhlacha soláthair. Cuirfear na moltaí ón athbhreithniú sin i bhfeidhm i rith na míonna le teacht.

Sa bhreis air sin, rinneadh suirbhé neamhspleách ar iompraíocht agus ar dhearcthaí i Meitheamh 2026 i ngach bunscoil. Rinneadh suirbhé ar phríomhoidí, ar mhúinteoirí, ar pháistí, ar thuismitheoirí agus ar oibritheoirí gnólachtaí bia a dhéanann soláthar do scoileanna. Tá an tuarascáil ar an suirbhé sin ag céim an fhaofa deiridh.

Maidir leis an bpróiseas soláthair, iarrfar príomhtháscairí feidhmíochta agus na tuarascálacha seirbhíse nach mór do sholáthraithe iad a chur ar fáil do scoileanna don scoilbhliain 2026/2027, mar chuid den phróiseas cigireachta.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Cigireachtaí na bliana acadúla 2026/2027


Iarscríbhinn 26A Roghanna soláthair béilí scoile teo — samplaí ó chuairteanna ar láithreáin

Rogha soláthair 1 — ullmhaítear béilí roimh ré lasmuigh den láithreán agus soláthraítear iad agus iad agus réidh le hithe



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste — cuairt ar láithreán scoile

Rogha soláthair 3 — ullmhaítear béilí roimh ré lasmuigh den láithreán agus déantar iad a théamh sa scoil trí fhaighneog sheachtrach nó aonad soghluaiste lónadóireachta a úsáid



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste — cuairt ar láithreán scoile

Rogha soláthair 4 — ullmhaítear béilí go hiomlán ar an láithreán

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste — cuairt ar láithreán scoile